Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0256

Cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2026 maidir leis an Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil, thar ceann an Aontais Eorpaigh (05824/2026 – C10-0035/2026 – 2025/0244(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (05824/2026),

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil, a síníodh i Lucsamburg an 14 Bealtaine 2025 (CM(2025)52),

– ag féachaint don iarratas ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 83(2) i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0035/2026),

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE[1],

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0156/2026),

1. ag deonú a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus

---

[1] IO L, 2024/1203, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1203/oj.

parlaimintí na mBallstát agus chuig Comhairle na hEorpa.